Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6054/22**

**PUBLIC 7**
**INF 20**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE — EANÁIR 2022 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha[1] a ghlac an Chomhairle i mí Eanáir 2022[2].[3]

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

dáta an ghlactha,

an seisiún den Chomhairle a bhí i gceist,

an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,

an tagairt san *Iris Oifigiúil*,

tagairt do mhiontuairiscí sheisiún na Comhairle ag ar glacadh an gníomh.

1 Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (féach i gcló iodálach).
2 Cé is moite de ghníomhartha áirithe a bhfuil raon feidhme teoranta acu, amhail cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí sonracha buiséadacha, etc., seachas má ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn iad.
3 I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a reáchtáiltear cruinniú den Chomhairle ag a nglactar an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag:
Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle (gníomhartha) - Consilium

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil teacht ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil - is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Miontuairiscí na Comhairle - Consilium

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ EANÁIR 2022 | |
|---|---|
| **An 3842ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Talmhaíocht agus Iascach) a tionóladh sa Bhruiséil an 17 Eanáir 2022** (Miontuairiscí: 5509/22 + ADD1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Iarscríbhinn I a ghabhann le Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach chuig an Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin*<br>Moladh (AE) 2022/66 ón gComhairle an 17 Eanáir 2022 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin<br>IO L 11, 18.1.2022, lgh. 52–55 | 5208/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE (an Treoir um Tháirgí Tobac)*<br>Cinneadh (AE) 2022/86 an 17 Eanáir 2022 ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L 14, 21.1.2022, lgh. 19–20 | 14302/21 |
| **An 3843ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) a tionóladh sa Bhruiséil an 18 Eanáir 2022** (Miontuairiscí: 5510/22 + ADD1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an údarú a tugadh don Ungáir an maolú speisialta ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/73 ón gComhairle an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 a mhéid a bhaineann le húdarú don Ungáir an beart speisialta de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile<br>IO L 12, 19.1.2022, lgh. 148–150 | 14715/21 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an údarú a tugadh do Ríocht na Beilge an maolú speisialta ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/88 ón gComhairle an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/53/AE a mhéid a bhaineann le húdarú do Ríocht na Beilge an beart speisialta de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile<br>IO L 14, 21.1.2022, lgh. 23–24 | 14717/21 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an údarú a tugadh do Phoblacht na Laitvia an maolú speisialta ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/81 ón gComhairle an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n- údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha<br>IO L 13, 20.1.2022, lgh. 49–50 | 14722/21 |
| **An 3844ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eachtracha) a tionóladh sa Bhruiséil an 24 Eanáir 2022** (Miontuairiscí: 5633/22 + ADD1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil le síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael | 15022/21 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil le síneadh a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an bPlean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne | 15056/21 |

| | |
|---|---|
| **An 3845ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Ginearálta) a tionóladh sa Bhruiséil an 25 Eanáir 2022** (Miontuairiscí: xxxx + ADD1) | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Treoir lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint*<br>Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint | PE-CONS 77/21 |
| *Treoir lena leasaítear Treoir 2014/41/AE a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint*<br>Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/41/AE, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint | PE-CONS 78/21 |
| *Rialachán maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis*<br>Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis | PE-CONS 76/1/21 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/98 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>IO L 17, 26.1.2022, lgh. 42–46 | 15256/21 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/99 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>IO L 17, 26.1.2022, lgh. 47–51 | 5059/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear don Fhrainc maolú maidir le CBL a thabhairt isteach*<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Fhrainc beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha | 15026/21 |
| *Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475*<br>Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L 18, 27.1.2022, lgh. 110–123 | 5400/1/22 REV 1 |
| *Moladh ón gComhairle lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1632 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal sábháilte i limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19*<br>Moladh (AE) 2022/108 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1632 maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal sábháilte i limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L 18, 27.1.2022, lgh. 124–126 | 5402/1/22 REV 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú*<br>Cinneadh (AE) 2022/124 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú<br>IO L 20, 31.1.2022, lgh. 38–39 | 6385/21 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 10 Eanáir 2022** | **CM 1047/22** |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua*<br>Cinneadh (CBES) 2022/24 ón gComhairle an 10 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua<br>IO L 5I, 10.1.2022, lgh. 13–20 | 15053/21 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/22 ón gComhairle an 10 Eanáir 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1716 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua<br>IO L 5I, 10.1.2022, lgh. 4–9 | 15055/21 |
| Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/24 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/22 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua<br>IO C 16I, 13.1.2022, lgh. 1–2 | 15203/21 |
| Fógra atá le tabhairt ar aird na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear IigCinneadh (CBES) 2019/1720 agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua<br>IO C 16I, 13.1.2022, lgh. 3–4 | 15203/21 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 10 Eanáir 2022** | **CM 1084/22** |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir — trasuí liostú na Náisiún Aontaithe*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/23 ón gComhairle an 10 Eanáir 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir<br>IO L 5I, 10.1.2022, lgh. 10–12 | SN 5036/22 + ADD 1 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/21 ón gComhairle an 10 Eanáir 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO L 5I, 10.1.2022, lgh. 1–3 | SN 5038/22 + ADD 1 |

| | |
|---|---|
| Fógra le tabhairt ar aird don duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/23 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/21 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO C 12, 11.1.2022, lgh. 1-2 | CM 1037/22 |
| Fógra le tabhairt ar aird do na daoine a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO C 12, 11.1.2022, lgh. 3-3 | CM 1037/22 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 11 Eanáir 2022** | **CM 1113/22** |
| *Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuóta ráta taraife an Aontais maidir le mairteoil ardcháilíochta ó Pharagua*<br>Rialachán (AE) 2022/111 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/216 a mhéid a bhaineann le cuóta ráta taraife an Aontais maidir le mairteoil ardcháilíochta ó Pharagua<br>IO L 19, 28.1.2022, lgh. 1–2 | PE 75/1/2021 REV1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 12 Eanáir 2022** | **CM 1145/22** |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an sásra comhordúcháin oibríochtúil le haghaidh ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM)*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/60 ón gComhairle an 12 Eanáir 2022 maidir leis an Sásra Comhordúcháin Oibríochtúil le haghaidh Ghné Sheachtrach na hImirce<br>IO L 10, 17.1.2022, lgh. 79–81 | 5095/22 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 13 Eanáir 2022** | **CM 1121/22** |
| *Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine*<br>Cinneadh (CBES) 2022/52 ón gComhairle an 13 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine<br>IO L 9, 14.1.2022, lgh. 43–43 | 14987/21 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1258/22** |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis*<br>Cinneadh (CBES) 2022/118 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis<br>IO L 19, 28.1.2022, lch. 67–70 | 15137/21 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/113 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis<br>IO L 19, 28.1.2022, lgh. 7–10 | 15139/21 |
| Fógra le haghaidh aird na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/72/CBES, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/118 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 101/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/113 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis<br>IO C 44, 28.1.2022, lgh. 20-20 | 15140/21 |
| Fógra le haghaidh aird na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise a bhfuil ag tarlú sa Túinéis, ina dtaobh<br>IO C 44, 28.1.2022, lgh. 21-22 | 15140/21 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1345/22** |
| *Rialachán ón gComhairle lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh*<br>Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>IO L 21, 31.1.2022, lgh. 165–186 | 15090/21 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1355/22** |
| *Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad*<br>Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>IO L 21, 31.1.2022, lgh. 1–164 | 15015/21 + COR1 |
| **Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón Ísiltír agus ón tSualainn maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) sa Bhunrialachán maidir le COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK in 2021** | CM 1355/22 |
| Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK faoi bhun Blim agus nach gceadófar ach foghabháil agus iascaigh eolaíocha in 2022, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2022.<br>Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas seo. | |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le gliomach na hIorua, 8c, FU25** | CM 1355/22 |
| Cuirfidh an Coimisiún iarratas faoi bhráid ICES chun meastóireacht a dhéanamh ar an iascach faire le haghaidh 2022 i gcás FU25 d'fhonn an TAC faire a mhéadú. Tar éis comhairle a fháil ó ICES, féadfaidh an Coimisiún leasú iomchuí ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 a thíolacadh. | |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le gliomach na hIorua, 9 agus 10, FU26 agus FU27** | CM 1355/22 |
| Cuirfidh an Coimisiún iarratas faoi bhráid ICES maidir lena iomchuí atá sé iascach faire a dhéanamh in FU26 agus FU27 agus maidir leis na coinníollacha faoina ndéanfar sin. Tar éis comhairle a fháil ó ICES, féadfaidh an Coimisiún leasú iomchuí ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 a thíolacadh. | |

| | |
|---|---|
| **Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le stoic ICCAT** | CM 1355/22 |
| Admhaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún, faoi roinnt moltaí ICCAT, go bhféadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán dá chuóta de stoic ICCAT nár úsáideadh a thabhairt anonn sa tréimhse dhá bhliain.<br><br>Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na bearta is gá a dhéanamh chun na coigeartuithe ar chuótaí maidir le tuinníní colgacha tuaisceartacha na mBallstát aonair a chur chun feidhme chun aon tabhairt anonn agus aon asbhaintí a léiriú faoin 30 Meitheamh 2022 ar a dhéanaí, ar bhonn na n-ionstraimí dlí, agus laistigh de theorainneacha na n-ionstraimí dlí, atá ar fáil. | |
| **Ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón bhFrainc maidir leis an rogha i dtaobh tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) nó ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) do scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta** | CM 1355/22 |
| I bhfianaise an mheasúnaithe a rinne an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir leis an sól coiteann (*Solea solea*) i mBá na Bioscáine (ranna ICES 8.a-b), measann an Fhrainc gur gá, chun an sól coiteann a chosaint, deireadh sealadach a chur leis an ngníomhaíocht, sa bhreis ar na deiseanna iascaireachta don stoc sin a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.<br>Comhaontaíonn an Coimisiún agus an Fhrainc go bhfuil scor sealadach gníomhaíochta incháilithe do chistiú ó CEMI nó ó CEMID, ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 33(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus in Airteagal 21(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004. | |

| | |
|---|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir leis an ronnach** | CM 1355/22 |
| Athdhearbhaíonn an Coimisiún agus an Chomhairle an gá a admhaíodh le linn Chomhairle mhí Dheireadh Fómhair 2021 measúnú a dhéanamh ar gach gné ábhartha don mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun deiseanna iascaireachta an Aontais le haghaidh ronnach in uiscí 4a agus uiscí 2a na hIorua (MAC/2A4A-N) a leithdháileadh agus a dháileadh.<br>Agus an fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle faoin 15 Eanáir 2022 á cur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall, faoin 31 Márta 2022 agus trí bhíthin páipéar leathoifigiúil, modheolaíocht a mholadh a bheadh infheidhme maidir le leithdháileadh agus dáileadh na ndeiseanna iascaireachta i dtrácht, ar modheolaíocht í lena gcomhlíonfaí prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.<br>In aon chás, déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle a ndícheall na bearta is gá a dhéanamh chun na deiseanna iascaireachta lena mbaineann a bhunú roimh an 30 Meán Fómhair 2022. | |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le solúbthacht idirlimistéir i gcás bolmáin dheisceartacha** | CM 1355/22 |
| I bhfianaise an tsainmhínithe nua ar Fpa maidir le bolmáin (*Trachurus trachurus*) i roinn 9a, geallann an Coimisiún go n-iarrfaidh sé ar ICES athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na solúbthachtaí idirlimistéir idir 9a agus 8c a leanfadh de bheith réamhchúramach. Dá gcuirfeadh ICES comhairle nuashonraithe ar fáil in 2022, smaoineodh an Coimisiún ar leasú a mholadh ar an Rialachán lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad chun solúbthachtaí oiriúnacha idirlimistéir a áireamh. | |
| **Maidir le stoic chomhroinnte arna mbainistiú faoi TACanna sealadacha (an Coimisiún)** | CM 1355/22 |
| Bunaítear TACanna sealadacha le gur féidir le gníomhaíochtaí iascaireachta chabhlaigh an Aontais leanúint ar aghaidh gan dochar do thoradh na gcomhairliúchán idirnáisiúnta atá ar siúl. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar staid na stoc atá á gcomhroinnt leis an Ríocht Aontaithe agus atá faoi réir TACanna sealadacha. Ar bhonn ghlacadh na gcuótaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus torthaí na gcomhairliúchán á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún staid na himeartha a mheas agus cuirfidh sé moltaí ábhartha ar fáil i dtaobh an bhealaigh chun cinn agus athbhreithnithe féideartha ar leibhéil TAC sealadacha, go háirithe maidir le séasúracht gníomhaíochtaí iascaireachta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát, nó TACanna cinntitheacha a bhunú. | |

| | |
|---|---|
| **Maidir le gealltanais i ndáil le bearta caomhnaithe le haghaidh an iascaigh doingean mara i mBá na Bioscáine (8a, b) ag an bhFrainc agus an Spáinn** | CM 1355/22 |
| Is díol sásaimh don Fhrainc agus don Spáinn dea-bhail stoc an doingin mara i mBá na Bioscáine (8a, b) agus na bearta freagracha a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.<br>De bhrí gur ar leibhéal 3156 thonna a shocraíonn ICES luach na huastáirgeachta inbhuanaithe, tá an Fhrainc tiomanta a scéim náisiúnta bainistíochta a choimeád ar bun in 2022, arb é atá inti ceadúnais iascaireachta agus uasteorainneacha bliantúla agus tréimhsiúla aonair in aghaidh an tsoithigh. | |
| **Ráiteas ón Danmhairg agus ón tSualainn maidir le heascanna** | CM 1355/22 |
| Beidh tionchar nach beag ag toradh an chomhaontaithe pholaitiúil ar Dheiseanna Iascaireachta le haghaidh 2022 le haghaidh eascanna d'iascairí na Danmhairge agus na Sualainne. Tá iascaigh eascann thraidisiúnta ar mionscála ag an Danmhairg agus ag an tSualainn ina n-úsáidtear trealaimh ar beag a dtionchar in uiscí mara. I bhfianaise staid chriticiúil an stoic eascann Eorpaigh, tá gníomhaíochtaí iomchuí ag teastáil do gach céim de shaolré agus réimsí na heascainne. Is freagracht chomhroinnte é athshlánú an stoic eascann Eorpaigh agus caithfear gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh go réigiúnach agus ar fud an limistéir dáilte iomláin eascann Eorpach ionas go mbeidh tionchar dearfach ag na gníomhaíochtaí sin. I gcás na Danmhairge agus na Sualainne tá sé tábhachtach gur ar bhonn uile-Eorpach iad na bearta éifeachtacha chun an eascann a chosaint agus a athbhunú agus go ndéanfar gach bás antrapaigineach – ní hamháin iascaigh – a íoslaghdú. | |
| **Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón nGearmáine maidir le Roghanna na Háige** | CM 1355/22 |
| Is é a mheasann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Fhrainc go ndearnadh na scálaí maidir le cionroinnt na gcuótaí ar na Ballstáit a chomhaontú in 1983. Is iad na scálaí sin is bonn leis an gcobhsaíocht coibhneasta, prionsabal arna bhunú leis an mbun-Rialachán lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh. Measaimid go bhfuil roghanna na Háige contrártha le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta. | |

| | |
|---|---|
| **Ráiteas ón bPolainn maidir le trosc Svalbard** | CM 1355/22 |
| Is eol don Pholainn go gceanglaítear, inter alia, le forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair go gcionroinntear 25 % de sciar cuóta throsc Svalbard ar an Ríocht Aontaithe. Tuigeann an Pholainn go bhfuil na cinntí a ghlacann an Chomhairle deacair do na Ballstáit uile lena mbaineann agus aithníonn an Pholainn gur réitigh shealadacha iad sin gan dochar do shocruithe fadtéarmacha a dhéanfar amach anseo.<br>Dála an tsásra atá bunaithe ar Chinneadh 87/277/CEE ón gComhairle chun dáileadh trosc ar Ballstáit an Aontais a ríomh, ba mhaith leis an bPolainn a chur i dtábhacht nár cheart feidhm a bheith aige ach amháin maidir leis na Ballstáit a luaitear go sainráite sa chinneadh seo amháin agus ní maidir leis an bPolainn. Ní raibh sciar na Polainne idir na blianta 2004 go dtí 2020 riamh faoi réir na modheolaíochta a leagadh síos i gCinneadh 87/277/CEE ón gComhairle.<br>Roimh Brexit, ríomhadh sciar na Polainne de réir an chéatadáin sheasta arbh ionann é agus 0.31 % den TAC iomlán arna leagan síos ag an gCoimisiún Comhpháirteach Iascaigh Ioruach-Rúiseach.<br>Dá bhrí sin, ba cheart cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm go díreach ar sciar stairiúil 0.31 % na Polainne. Tá an Pholainn go mór i gcoinne í a bheith mar chuid den sásra a d'úsáid an Coimisiún do 2022 agus measann sí go bhfanfaidh sciar na Polainne sa Chomhaontú Trádála agus Comhair socraithe ar an leibhéal a bunaíodh do 2021 nuair a cuireadh an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm den chéad uair. | |
| **Ráiteas ón tSualainn maidir leis an scadán sa Mhuir Thuaidh** | CM 1355/22 |
| I gcomhar leis an gcruinniú de chuid Chomhairle Agrifish an 12-13 Nollaig 2021, thug an tSualainn chun suntais earráid ríofa i gcuóta scadán na Sualainne sa Mhuir Thuaidh (<u>HER/4AB</u>) agus thug sí an bunús chun sciar na Sualainne a ríomh i gcomhréir leis na blianta roimhe seo, lena n-áirítear 2021. Dá bhrí sin, bhí an tSualainn ag súil go gceartófaí an ríomh sin i bhfianaise ghlacadh deiridh an rialacháin ach tugann sí dá haire nach amhlaidh an scéal. Dá bhrí sin, glacann an tSualainn leis go gceartófar an earráid sin mar aon le haon earráidí comhchosúla eile sa chéad leasú eile ar an rialachán. Cé gur beag í an difríocht ó thaobh tonaí de, tá an-tábhacht ag baint leis an ábhar mar is ó Ionstraim Aontachais na Sualainne a eascraíonn an bunús do sciar inmheánach AE na Sualainne. | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1431/1/22 REV1** |
| Formheas an doiciméid dar teideal *EU-Kenya Strategic Dialogue - Joint Declaration* [An tIdirphlé Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Chéinia - Dearbhú Comhpháirteach]. | 5310/22 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 31 Eanáir 2022** | **CM 1255/22** |
| Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 42/c/03/21 | 5108/22 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 31 Eanáir 2022** | **CM 1422/22** |
| Dearbhú maidir le forbairt inbhuanaithe agus dícharbónú na heitlíochta (Dearbhú Toulouse) | 5415/22 ADD1 |